

# Oifig an Ard-Aighne

## Ráiteas Straitéise

2016 - 2019

"Bunchuspóir na hOifige seo ná an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí."

## BROLLACH AN ARD-AIGHNE

---

Is mór agam foilsíú Ráiteas Straitéise seo Oifig an Ard-Aighne. Is uailmhianach an bunchuspóir atá ag an Oifig: is é sin an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí ar bhonn chomh tiosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh rialail an dlí. Sa Ráiteas Straitéise seo, a bhfuil anailís ar ár gcúinsí oibriúcháin mar bhonn léi, leagtar amach na straitéisí a chuirfimid i bhfeidhm ar mhaithe le freastal ar riachtanais ár gcliant agus iad i mbun Chlár an Rialtais a chur i ngníomh. Léireofar spriocanna ardleibhéil an Ráitis Straitéise seo i bpleananna gnó a leagfar amach le haghaidh fhoireann na ngrúpaí seo a leanas: taobh Comhairleach na hOifige; Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas; Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit; agus taobh Riaracháin an dá Oifig, i dtreo is go mbeidh ionchur gach ball foirne soiléir maidir lenár gcomh-mhisean a chur i ngníomh.

Tá foireann agus bainistíocht na hOifige iomlán tiomanta do na spriocanna sin agus táim ag súil le bheith i mbun oibre leo chun cuspóirí ár n-eagraíochta a bhaint amach.

**Máire Whelan, S.C.**  
Ard-Aighne

## Réamhrá an Ard-Stiúrthóra, an Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus an Phríomh-Aturnae Stáit

---

Le hullmhúchán an Ráitis nua Straitéise seo don tréimhse 2016-2019, tugtar deis dul i ngleic ar bhonn níos éifeachtaí le riachtanais agus le hionchais ár Ranna cliaint. Cé nach dtagann athrú ar chroí-fheidhmeanna na hOifige maidir le ról bunreachtúil an Ard-Aighne a éascú, reachtaíocht rialtais a dhréachtú agus comhairle agus cúnamh dlíthiúil a sholáthar, tagann athrú ar an gcomhthéacs a bhaineann leo. I bhfianaise an tsaoil dhigitigh, athruithe an Aontais Eorpaigh agus fhírinní an rialtais mhionlaigh, is gá go ndéanfimid athchóiriú agus athbhreithniú ar ár dtosaíochtaí.

Táimid ag tnúth le tuilleadh comhoibríthe le Ranna cliaint i rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo ar mhaithe lenár gculpóir bunreachtúil agus aidhmeanna an Chláir um Rialtas Comhpháirtíochta a bhaint amach.

**Liam O'Daly, Ard-Stiúrthóir**

**Paul Linehan, Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte**

**Eileen Creedon, Príomh-Aturnae Stáit**

## Réamhrá - Róil agus Feidhmeanna

Faoi Bhunreacht na hÉireann, is í comhairleoir an Rialtais i gcúrsaí dlí agus i gcúrsaí a bhaineann le tuairim dhlíthiúil ná an tArd-Aighne, Máire Whelan SC, agus is príomhoifigeach dlí an Stáit í freisin.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne:

- comhairle dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí;
- reachtaíocht a dhréachtú;
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar;
- seirbhísí aturnae a sholáthar - tíolacadh agus seirbhísí eile idirbheartaíochta san áireamh;
- cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus í i mbun a cuid feidhmeanna mar a gcuirtear síos orthu in alt 6 den Acht um Airí agus Rúnaithe 1924, agus in Airteagal 30 den Bhunreacht.

Agus 243 ball foirne dlíthiúil againn (an 23 Abhcóide Chomhairleach atá ar iasacht i Ranna an Rialtais san áireamh) chomh maith le 404 ball foirne san iomlán, cuirimid réimse iomlán seirbhísí speisialaithe dlí ar fáil lena n-áirítear dréachtú reachtaíochta chomh maith le hobair chomhairleach, dhlíthiúla agus idirbheartaíochta. Leis an eolas domhain institiúideach atá againn maidir le córas feidhmithe an Stáit agus an Rialtais agus scileanna proifisiúnta dlí ár bhfoirne speisialaithe a bhfuil an-taithí acu, chomh maith lenár ndearcadh iomlánaíoch i leith an Rialtais, cuirtear ar ár gcumas seirbhís ghairmiúil atá ar ardchaighdeán a sholáthar don Ard-Aighne agus d'ár gcliaint. Is seirbhís í a dhéanann freastal ar na riachtanais sonracha seirbhís dlí a bhíonn acu.

### Abhcóide Comhairleach

Tá taobh comhairleach na hOifige roinnte ina chúig shain-Ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha a chlúdaíonn gach mórspeisialacht (réimse ábhair) dlí. Chomh maith leis sin, tá an Leas-Ardstiúrthóir freagrach as réimsí ábhar ar leith. Sainfheidhmíonn Abhcóidí Comhairleacha,

don chuid is mó, i réimsí ilghnéitheacha dlí. Tá tacaíocht speisialaithe chléireachais ag gach Grúpa Comhairleach, a bhfuil taithí acu ar ghnó an Ghrúpa.

Is fairsing an raon ábhar a thagann faoi scáth na nGrúpaí Comhairleacha ach baineann na himeachtaí féin le trí réimse de réir feidhme. Is iad sin:

- (a) comhairle a sholáthar;
- (b) dlíthíocht a stiúradh;
- (c) comhairle dlí a chur ar fáil maidir le seirbhís reachtach dréachtaithe a sholáthar do Ranna agus d'Oifigí an Rialtais.

Mar aon leis na hAbhcóidí Comhairleacha laistigh den Oifig, is í an Oifig a cheapann Abhcóide Comhairleach ar iasacht mar Chomhairleoir Dlí do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann don Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Ceapadh Abhcóidí Comhairleacha eile ar iasacht do 13 Roinn Rialtais freisin.

### **Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais**

Tá Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais comhdhéanta d'fhoireann saindhliodóirí atá oilte i ndisciplín dhréachtú na reachtaíochta. Cuireann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte seirbhís speisialaithe dréachtaithe reachtaíochta.

Is é phríomhobair ODP ná Billí Rialtais a dhréachtú lena gcur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, agus reachtaíocht áirithe thánaisteach a dhréachtú le haghaidh Ranna agus Oifigí Rialtais, ionstraimí lena ndéantar reachtaíocht AE a thrasú sa dlí intíre faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 san áireamh.

Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit roinnte i ngrúpa agus tá gach grúpa acu freagrach as seirbhísí dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar do Ranna Rialtais agus d'Oifigí ar leith.

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is comhpháirt d'Oifig an Ard-Aighne í Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, agus is príomhsholáthóir seirbhísí dlíodóirí í don Ard-Aighne agus do Ranna agus Oifigí an Rialtais. Soláthraíonn sí freisin seirbhísí dlíodóra do Ghníomhaireachtaí áirithe Rialtais agus do Bhinsí Fiosrúcháin, ach ní fheidhmíonn sí ar son bhaill an phobail.

Seo cuid de sheirbhísí na hOifige:

- Seirbhísí Dlíthíochta - ionadaíocht a dhéanamh ar ar an Stát i ndlíthíocht uile shibhialta i bhfóirne intíre agus eachtracha (cúirteanna, bíní fiosrúcháin agus coimisiúin imscrúdúcháin) i gcaingne bunreachtúil, in athbhreithnithe breithiúnach, cúrsaí tearmainn agus inimirce, eiseachadadh, iarratais ar chúnamh frithpháirteach agus Barántais Ghabhála Eorpach, ionadaíocht a dhéanamh ar Eire ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus gach dlíthíocht eile a bhaineann le Ranna nó le Oifigí Rialtais;
- Seirbhísí Comhairleacha - comhairle ghinearálta agus shonrach a sholáthar do Ranna agus Oifigí cliaint ar réimse cúrsaí dlí, agus comhairlí tráchtála agus eile a sholáthar maidir le réimsí tábhachtacha Rialtais ar nós tógála i seilbh phoiblí (chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh ar an Oifig um Sholáthar Rialtais) agus cúrsaí maoine;
- Seirbhísí Trasghníomhaíochta – seirbhís chuimsitheach dlí i dtaobh tíolactha agus maoine a sholáthar do Ranna agus Oifigí cliaint; doiciméid tairisceana agus conarthaí tráchtála a idirbheartú agus a dhréachtú, chomh maith le comhairle a chur ar fáil ina dtaobh.

Tá Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit roinnte ina cúig Rannán dlí: Rannán Dhlí an Riaracháin; Rannán an Dhlí Chomhairligh, Tráchtála agus Fostaíochta; Rannán Dhlíthíocht an Bhunreachtá agus an Stáit; an Rannán Dlí agus Cirt; agus Rannán Maoine an Stáit. Tá gach Rannán roinnte ina Rannóga ar bhonn cosúlachta oibre nó cosúlachta cliaint.

## Seirbhísí Corparáideach

Tá foireann tacaíochta mar chuid de gach chomhpháirt den Oifig a n-éascaíonn obair na foirne dlí, agus a gcabhraíonn leis an obair sin freisin, trí na seirbhísí gairmiúla corparáideacha seo a leanas a sholáthar: Acmhainní Daonna, Oiliúint agus Forbairt, Seirbhísí Airgeadais, Seirbhísí Corparáideacha/Oifige, Bainistíocht Athruithe, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Tacaíocht Chléireachais, Seirbhís Clárlainne agus Taifid, Seirbhís Leabharlainne, agus Seirbhís Fios Gnó agus Eolais.

## Suíomhanna Gréasáin

---

Is féidir teacht ar eolas níos doimhne ar [www.attorneygeneral.ie](http://www.attorneygeneral.ie) agus ar [www.csso.ie](http://www.csso.ie) freisin.

## Anailís ar an Timpeallacht Neamhbhuan

Sa Chlár don Rialtas, leagtar síos na tosaíochtaí atá le meas i gcomhthéacs forbartha na Ráiteas Straitéise nua. Mar sholáthróir seirbhísí dlí, is iad riachtanais ár gcliaint a chinneann tosaíochtaí straitéiseacha na hOifige, den chuid is mó –Ranna agus Oifigí Rialtais a cheapann, agus a chuireann i bhfeidhm, beartas an Rialtais. Tá na tosaíochtaí seo a leanas ar chuid de na tosaíochtaí a leagtar amach sa Chlár agus a mbeidh tionchar acu ar an Oifig ó thaobh éilimh bhreise de ar chomhairle agus ar a thuilleadh reachtaíochta: tithíocht agus daoine gan dídean; an t-athrú aeráide; feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumais; agus athchóiriú bunreachta agus polaitíochta.

Dúshlán na hOifige i rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo ná éifeacht a thabhairt do na tosaíochtaí sin i gcomhthéacs fhírinne nua na polaitíochta, ina mbíonn níos mó comhairliúcháin idir an Feidhmeannas agus grúpaí polaitíochta san Oireachtas, agus níos mó tionscnaimh reachtaíochta ag eascairt as Billí Comhalta Phríobháidigh ná mar a bhí roimhe seo.

Forbraíodh an Ráiteas Straitéise nua seo i ndiaidh gleic pholaitiúil lenár Ranna agus Oifigí cliaint agus comhairliúcháin inmheánach, chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht dlí. Thug an t-athbhreithniú seo roinnt mhaith dúshlán agus deiseanna inár timpeallacht oibriúcháin chun solais a mbeidh tionchar acu ar an mbealach a sholáthróimid seirbhísí dlí i rith shaolré an Ráitis Straitéise seo. Seo cuid acu siúd:

- **Rannpháirtíocht Chomhoibríoch** - an riachtanas a bhaineann le hatreorú luath agus athbhreithniú gníomhach a dhéanamh ar chomhaid ar mhaithe le roghanna bainistíochta cáis a fheabhsú agus chun a chinntiú go gcuirtear cuir chuige stuama i bhfeidhm i leith cásanna;
- **Bainistiú na Dlíthíochta** - an dúshlán a bhaineann le dlíthíocht a bainistiú ar bhonn éifeachtach agus an deis chun infheistíocht luath ó Ranna agus Oifigí cliaint a spreagadh le linn comhaid dlíthíochta a mheas, go mór mór sna réimsí sin ina mbíonn méaduithe

suntasacha i ndlíthíocht ó am go ham, ar mhaithe le costas na dlíthíochta ar an gcáiníocóir a íoslaghdú;

- **Feabhsú Éifeachtúlachta** - an deis a thapú chun próisis, gnáthaimh agus oibríochtaí a shainnithint ar féidir athchóiriú chun éifeachta a dhéanamh, agus iad a dhéanamh chomh éifeacht agus is féidir chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as acmhainní;
- **Foghlaim Eagraíochtúil agus Bainistíocht Eolais** - leabharlann onnghníomhach dlí agus inlíon Oifige atá ar ardchaighdeán a chothú mar phríomhfhoinsí eolais; cultúr comhroinnte faisnéise agus saineolais inmheánaigh a chothú agus ardleibhéal comhroinnte eolais a chinntiú, go háirithe trí Fhios Gnó dlí a ghabháil agus a scaipeadh;
- **Ceapadh Beartais na Ranna Cliaint** - dualgais ríthábhachtacha cheapadh beartais na Ranna cliaint a aithint, chomh maith lena gcomhlíontacht leis na riachtanais a leagtar amach i Lámhleabhar na Comh-Aireachta; agus an gá a bhaineann le saineolas na hOifige chuige sin a fheabhsú a aithint freisin, chomh maith leis an deis a aithint chun an cúnamh cuí a chur ar fáil nuair is féidir ar mhaithe le treoracha soiléir cruinn a sholáthar don Oifig;
- **Soláthar Seirbhíse** - an riachtanas a bhaineann le comhsheasmhacht agus le cáilíocht na hoibre a dhéanann an Oifig, abhcóidí dlí nó soláthróirí seirbhíse seachtracha a chinntiú ;
- **Infheistíocht san Fhoireann** - an dúshlán a bhaineann le foireann dlí a choinneáil in áit mhargaidh iomaíoch agus an riachtanas a bhaineann le hé a chinntiú go ndéantar gach ball foirne a fhorbairt chun iomlán an mhianaigh atá iontu a bhaint amach ar mhaithe leis an tairbhe is fearr a bhaint astu;
- **Seirbhísí seachtracha dlí a sholáthar** - an dúshlán a bhaineann le cinntiú go roghnaítear abhcóidí seachtracha dlí ar bhonn a dhéanfaidh talamh slán de sheirbhís atá ar ardchaighdeán agus a thugann luach ar airgead, chomh maith le leasa comhchoiteanna na Ranna agus na nOifigí cliaint, an Stáit agus na hOifige a chosaint;
- **Clár Reachtaíochta** - an dúshlán a bhaineann le dréacht-reachtaíocht a fhorbairt, dréacht-reachtaíocht a mbaineann leibhéil éagsúla deacrachta agus práinne léi, agus a mbíonn bunaithe go minic ar threoracha beartais nach mbíonn forbartha ina iomláine.
- **Speisialtachtaí Dlí** - an deis dul i mbun comhairliúcháin ar bhonn rialta le Ranna agus Oifigí cliaint maidir leis na hiarratais a dhéantar ar sheirbhísí dlí, agus ar réimsí nua dlí chomh maith le réimsí dlí atá ag teacht chun cinn a shainnithint ar mhaithe le tógáil ar an saineolas atá againn cheana féin ó thaobh freastal ar riachtanais leanúnacha;
- **Aonaid Dlí** - a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar aonaid speisialaithe dlí sna Ranna agus sna hOifigí chun cur leis an dul chun cinn a bhaineann le hAbhcóidí Comhairleacha agus foireann dlí Oifig an Ard-Aighne a bheith ar iasacht ón Oifig chuig Ranna agus Oifigí Rialtais;



- **Seirbhísí Speisialaithe** - an dúshlán a bhaineann le freagairt don úsáid mhéadaithe a bhaineann Ranna agus Oifigí an Rialtais as dlíghnólachtaí seachtracha i réimsí speisialaithe ionas gur féidir comhsheasmhacht, luach ar airgead agus leas an phobail a chothú;
- **Bearta an AE** - an deis freagairt don fhéinfheasacht mhéadaithe atá i Ranna agus in Oifigí an Rialtais maidir leis an riachtanas le haghaidh luath-idirghabhála in ionstramá an AE a idirbheartú, ar mhaithe le leasa an Stáit a chosaint agus trasuíomh luath na mbearta AE a éascú;
- **Scor na Ríochta Aontaithe ón AE** –is dóigh go mbeidh tionchar ar an Oifig i leith soláthar seirbhísí dlí, de bharr thoradh an Reifrinn a bhí ann le déanaí go scorfaidh an Ríocht Aontaithe ón AE;
- **Athruithe laistigh de Thithe an Oireachtais** - is dóigh go mbeidh méadú suntasach i líon na mBille Comhalta Phríobháidigh mar thoradh ar an athrú sa chaidreamh oibre idir Tithe an Oireachtais agus an Feidhmeannas, agus d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ionchasacha oibrithe annmaidir le beartas a fhorbairt i Ranna agus in Oifigí cliaint dá bharr, chomh maith le fadhbanna faoi chomhsheasmhacht an eolaire reachtaíochta a chinntiú.

## **Spríocanna agus Tosaíochtaí Straitéiseacha**

Sa chaibidil seo, leagtar amach spríocanna ardleibhéil na hOifige, agus iad go léir dírithe ar bhunchuspóir Oifig an Ard-Aighne a bhaint amach - is é sin tacaíocht a thabhairt don Ard-Aighne a ról bunreachtúil mar chomhairleoir dlí don Rialtas a chomhlíonadh.

### **Spríoc Ardleibhéil 1**

**Seirbhís speisialaithe comhairleach dlí a sholáthar don Rialtas agus do Ranna agus Oifigí cliaint.**

#### **Tosaíochtaí Straitéiseacha**

1. Cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne agus a ról bunreachtúil mar chomhairleoir dlí don Rialtas á chomhlíonadh aici, lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm beartais agus tosaíochtaí an Rialtais de réir an Bhunreacht, dhlí an Aontais Eorpaigh agus na ndualgas a éiríonn as conarthaí idirnáisiúnta trí na rudaí seo a leanas a chinntiú:
  - go soláthróidh Abhcóidí Comhairleacha comhairle agus cúnamh dlí ar bhonn tráthúil maidir le cruinnithe Rialtais, comhairle a thabhairt don Rialtas agus d'Airí Rialtais, agus a feidhmeanna ginearálta a chomhlíonadh;
  - go soláthróidh Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit comhairle dlí ar bhonn éifeachtach maidir le soláthar seirbhísí chun tacaíocht a thabhairt don Ard-Aighne;
  - go soláthróidh Dréachtóirí Parlaiminte don Ard-Aighne faisnéisiú éifeachtach agus, de réir mar is cuí, comhairle, maidir le dréachtú reachtaíochta.
2. plé struchtúrtha a dhéanamh ar bhonn rialta le Ranna agus le hOifigí cliaint ar mhaithe leis na rudaí seo a leanas:
  - feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar a gcuspoirí agus ar riachtanais beartais le haghaidh seirbhísí speisialaithe dlí;
  - coinne a bheith againn le haghaidh riachtanas dlí agus soláthar seirbhísí trí réimse fheidhmeanna na hOifige, agus an phleanáil chuí a dhéanamh ina dtaobh:

- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár eiseamláirí solúbtha le haghaidh soláthair seirbhísí ionas gur féidir freastal ar riachtanais ár Ranna agus Oifigí cliant;
  - athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis a bhaineann le seirbhísí na hOifige a sholáthar chun laigí ionchasacha i gcórais agus i gcleachtais reatha a shainaitint, agus comhairliúchán a bheith againn le cliant, chomh maith le réitigh a mholadh chun bealaí a aithint chun seirbhísí a sheachadadh ar an mbealach is fearr chun freastal ar a gcuid riachtanas.
3. Seirbhís a sholáthar a gcomhlíonann nósanna gairmiúla dea-chleachtais go hiomlán trí choinneáil suas le forbairtí i ndlíghnólachtaí agus i rannáin dlí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, agus i ndlínsí eile freisin.
4. Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an tseirbhís speisialaithe chomhairleach a chuirtear ar fáil ag na hAbhcóidí Comhairleacha, agus feabhas a chur ar an tseirbhís sin freisin, chun go bhfreastlaítear ar riachtanais cliant trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:
- grúpaí Abhcóidí Comhairleacha a eagrú chun oilteacht a fhorbairt agus chun a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as acmhainní, comhoibriú i measc grúpaí speisialaithe i dtionscadail mhórscála agus ilghnéitheacha san áireamh;
  - uasdátú a dhéanamh ar ár saineolas ar réimsí ábhartha den dlí, go mór mór an dlí poiblí; sa tslí sin, cuirimid le Fios Gnó speisialaithe na hOifige;
  - dlúth-obair a dhéanamh le foireann Leabharlainne agus Fios Gnó, agus le taighdeoirí dlí freisin, chun ár n-acmhainn chun comhairle atá ar ardchaighdeán a sholáthar a uasmhéadú, i ndiaidh na bhforbairtí agus na n-údaráis is déanaí a chur san áireamh;
  - anailís dhomhain dlí agus athbhreithniú ardleibhéil a chur ar fáil i gcás na dlíthíochta, chomh maith le comhairle a thabhairt i dtaobh dlíthíochta a stiúradh;
  - cur chuige straitéiseach a chur i bhfeidhm i leith saincheistanna dlí i réimsí áirithe dlíthíochta, ina n-áirítear, de réir mar is cuí, saincheistanna dlí a aithint a dtagann chun cinn i ndlíthíocht agus a gcabhródh réiteach reachtaíochta leo;

- breithnithe a ullmhú ar Scéimeanna Ghinearálta Bille ina dtagann chun cinn saincheisteanna beartais a bhaineann leis an mbunreacht, leis an AE, leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine nó le cúrsaí dlí, de réir Lámhleabhar na Comh-Aireachta;
  - comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna a ardaíonn Dréachtóirí Parlaiminte agus reachtaíocht á dréachtú acu, agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-reachtaíocht de réir na Scéime um Dhearbhú Cáilíochta;
  - cúnamh a thabhairt do Ranna cliaint chun impleachtaí dlíthiúil Billí Comhalta Phríobháidigh a thuiscint ionas gur féidir leo cinneadh a dhéanamh maidir le conas bhfreagairt dá leithéid de Bhille ó thaobh deartais de;
  - réimsí nua suntasacha dlí a aithint, i gcomhairle le Ranna agus Oifigí cliaint, ar mhaithe lenár saineolas sna réimsí sin a fhorbairt.
5. Feabhas a chur ar an bhfeidhm speisialaithe chomhairleach laistigh d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit trí na rudaí seo seo a leanas a dhéanamh:
- feidhmeanna dlí atá i bhfeidhm faoi láthair inár nOifig a chuíchóiriú chun tacaíocht a thabhairt do dhlíodóirí sinsir chun comhairlí speisialaithe a sholáthar ar bhonn dírithe;
  - an saineolas atá san Oifig cheana féin a aithint agus a chomhdhíriú chun freastal a dhéanamh ar ról comhairleach speisialaithe sainithe a fhorbairt;
  - barr feabhais a chur ar an saineolas atá san Oifig cheana féin agus saineolas nua a chothú sna réimsí dlí is mó a bhaineann lenár Ranna agus Oifigí cliaint;
  - dlúth-obair a dhéanamh leis an Oifigeach Bainistíochta Eolais inmheánach chun: feabhas a chur ar nósanna roinnte eolais idir feidhm chomhairleach Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus rannáin eile de chuid na hOifige céanna, go mór mór i réimse an dlí poiblí; agus Fios Gnó speisialaithe in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a mhéadú;
  - naisc a neartú idir Abhcóidí Comhairleacha atá ar iasacht agus aonaid dlí i Ranna agus Oifigí cliaint;

- rannpháirtíocht le hAbhcóidí Comhairleacha a dhoimhniú maidir le comhaid frithpháirteacha.
6. leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don Chlár Iasachta, agus an Clár sin a fhorbairt níos mó, ionas go gcuirfear feabhas a chur ar sholáthar na seirbhísí dlí do Ranna agus Oifigí cliaint trí:
- naisc a fhorbairt tríd an Oifig ar fad le hAbhcóidí Comhairleacha atá ar iasacht agus aonaid dlí i Ranna cliaint chun na naisc atá ann cheana féin a neartú agus iarratais ar chomhairle ó na Ranna cliaint sin a threorú go cuí agus go héifeachtach;
  - naisc eagraíochtúla, oibríochtúla, bainistíochta eolais, agus oiliúna agus forbartha le hAbhcóidí Comhairleacha atá ar iasacht a neartú;
7. Seirbhís fheabhsaithe dlí an AE a sholáthar do Ranna agus Oifigí cliaint sna bealaí seo a leanas:
- struchtúir agus próisis inmheánacha a chur ar bun chun a chinntiú go ndéantar traiceáil agus comheagrú tríd an Oifig ar shaincheisteanna dlí suntasacha de chuid an AE;
  - cúnamh a thabhairt do Ranna cliaint idirghabhálacha a dhéanamh agus freagairtí a thabhairt maidir le dlíthíocht iomchuí atá os comhair Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh;
  - comhairle luath agus éifeachtach a sholáthar do chliaint a mbíonn comhairle á lorg acu maidir le tionscadail agus tograí beartais an AE.
8. Déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar riar agus ar chur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna faoi alt 7 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, maidir le habhcóidí seachtracha a choinneáil d'fhonn soláthar seirbhís atá tráthúil, éifeachtach ó thaobh costais de agus ar ardchaighdeán a chinntiú do Ranna cliaint.

## **Spríoc Ardleibhéil 2**

**Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas: Seirbhís speisialaithe dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.**

### **Tosaíochtaí Straitéiseacha**

1. Ullmhóidh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte dréacht-reachtaíocht a thugann chun éifeacht beartas reachtaíochta a bhíonn socraithe ag an Rialtas agus a chomhlíonann Bunreacht na hÉireann agus dualgais AE an Stáit. Go háirithe, dréachtófar na nithe seo a leanas:
  - Billí Rialtais de réir Chlár Reachtaíochta an Rialtais;
  - Billí eile práinneacha nó tosaíochta faoi mar a ordaíonn an Rialtas;
  - leasuithe ar na Billí sin ar chéim an Choiste agus ar chéim na Tuarascála;
  - orduithe Rialtais, orduithe um thosach feidhme agus ionstraimí reachtúla (chomh maith le rialúcháin a bhfuil sé mar aidhm acu éifeacht a thabhairt d'achtanna de chuid an Aontais Eorpaigh a dhéanann reachtaíocht phríomha a leasú);
  - ionstraimí reachtúla eile ina gceadaíonn riachtanais na dtosaíochtaí reachtúla atá ann cheana féin.
2. I bhfianaise an dúshláin a bhaineann le dréacht-reachtaíocht a chur ar fáil, dréacht-reachtaíocht a mbaineann leibhéil éagsúla deacrachta agus práinne léi agus a mbíonn bunaithe go minic ar threoracha beartais nach mbíonn forbartha ina iomláine, leanfaidh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ar aghaidh tábhacht na rudaí seo a leanas a chur in a luí ar Ranna an Rialtais:
  - comhlíontacht an Rialtais leis na nósanna imeachta i leith reachaíochta príomha agus reachtaíochta tánaisteach a leagtar amach i Lámhleabhar na Comh-Aireachta,

- go ndéanann Ranna an Rialtais tograí beartais reachtaíochta a cheapadh agus a fhorbairt roimh sheirbhísí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte a fhostú;
  - ról lárnach Choiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le tosaíochtaí reachtaíochta an Rialtais a shocrú agus a mhaoirsiú, agus tosaíochtaí reachtaíochta iomaíocha a thabhairt chun réitigh ionas gur féidir a chinntiú go mbainfidh an Rialtas an leas is fearr agus is féidir as na seirbhísí a sholáthraíonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte.
- 
- Leanfaidh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ar aghaidh le bheith i gcomhairle le Ranna an Rialtais ionas gur féidir éifeachtúlacht níos fearr a chinntiú in idirghníomhaíochtaí na Ranna le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte, agus go háirithe déanfaidh siad na rudaí seo a leanas:
    - béim a chur ar an tábhacht a bhaineann na Ranna cliaint a bheith i dteagmháil le hAbhcóidí Comhairleacha atá ar iasacht agus le hAbhcóidí Comhairleacha nach bhfuil ar iasacht ag céim luath i bhforbairt tograí reachtaíochta;
    - béim a chur ar an tábhacht a bhaineann na Ranna cliaint a bheith i dteagmháil le Ranna eile Rialtais ag céim luath i bhforbairt tograí reachtaíochta, áit a dtiteann na tograí reachtaíochta faoi shainchúram níos mó ná Roinn amháin, nó a bhfuil impleachtaí ag baint leo maidir le réimsí beartais a thiteann faoi shainchúram níos mó ná Roinn amháin;
    - plé a dhéanamh le Ranna cliaint de réir mar is cuí, agus faoi réir ag srianta acmhainní laistigh d'Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh oiliúna a chuireann siad féin ar bun i leith an phróisis reachtaíochta.
- 
4. Leanfaidh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte uirthi páirt ghníomhach a ghlacadh i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais, agus teagmháil a bheith aici leis an gCoiste sin freisin, ar mhaithe le monatóireacht agus maoirsiú ceart a chumasú maidir le cur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais.

5. Leanfaidh Oifig na nDréactóirí Parlaiminte uirthi comhoibriú a dhéanamh le hOifig na nDréactóirí Parlaiminte agus reachtaíocht á dréachtú aici. Déanfaidh Oifig na nDréactóirí Parlaiminte plé le hAbhcóidí Comhairleacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail shuntasacha reachtaíochta ar mhaithe leis na próisis a bhaineann le comhaid dréachtaithe reachtaíochta a fheabhsú agus a athscagadh.
6. Leanfaidh Oifig na nDréactóirí Parlaiminte uirthi an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm maidir le dréacht-reachtaíocht, agus an Binse Oibre Reachtaíochta a chur i bhfeidhm freisin i gcomhar le hOifig na mBillí de chuid Thithe an Oireachtais.

### **Spríoc Ardleibhéil 3**

**Seirbhís dlíthíochta a chur ar fáil a sholáthraíonn torthaí barmhaith d'ár Ranna agus Oifigí cliaint.**

#### **Tosaíochtaí Straitéiseacha**

1. Ar mhaithe le cúrsaí bainistíochta cáis réamhghníomhach a fheabhsú, déanfaidh an Oifig na rudaí seo a leanas:
  - luathmheasúnú cásanna, agus torthaí dóchúla na gcásanna sin, a spreagadh agus a thacú go gníomhaíoch chun cinnteoireacht eolasach ár Ranna agus ár nOifigí cliaint a éascú ag céim luath sna himeachtaí;
  - cinnteoireacht thráthúil ár Ranna agus ár nOifigí cliaint a chumasú maidir le stiúradh cásanna, trí chomhairliúchán leanúnach agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta ar bhainistiú cásanna chun na torthaí is fearr a éascú;
  - tacaíocht a thabhairt do shainaitheant luath, d'atreorú agus do bhainistiú gníomhach cásanna a d'fhéadfadh mórdhlíthíocht a bheith mar thoradh orthu, ionas gur féidir a chinntiú go gcosnaítear leasa an Stáit ar an mbealach is fearr agus is féidir;
  - ár gcomhthathí a chur i bhfeidhm, go mór mór i réimse na gcostas dlí, chun seasamh an Stáit a neartú agus socruithe cáis a idirbheartú agus a chomhaontú ar son ár gcliainnt;



- a chinntiú i gcúrsaí conspóideacha, de réir mar is cuí, go bhfaigheann ár gcliainnt an chomhairle is fearr ar na roghanna ar fad atá ann le haghaidh réiteach díospóidí luath sa phróiseas ionas gur féidir an toradh is fearr a bhaint amach;
2. Ar mhaithe le taithí agus foghlaim na hOifige a úsáid chun tairbhe, déanfar na rudaí seo a leanas:
- bainfear leas as an eolas agus as an taithí a ghnóthaítear le linn cásanna a stiúradh chun bonn eolais a thabhairt do chur chuige ár gcliainnt, agus d'ár gcur chuige féin i gásanna todhchaí, agus tairbhe a bhaint as ciall ceannaithe;
  - ar mhaithe le sainathint na réimsí in oibríochtaí ár gcliainnt atá i mbaol agóid dhlíthiúil, agus iniúchadh a dhéanamh ar bhearta chun líon na gcásanna sna réimsí sin a laghdú, déanfaimid ár gcliainnt a thacú agus a spreagadh chun eolas a thiomsú agus a choinneáil, chomh maith le páirt a ghlacadh sa phróiseas sin freisin;
  - agóidí dlíthiúla i leith reachtaíochta a thagann chun cinn arís is arís eile a shainathint lenár Ranna cliainnt agus iad a spreagadh chun cur chuige onghníomhach a chur i bhfeidhm maidir le leasú reachtaíochta a chur chun cinn, de réir mar is cuí;
  - modhanna a shainathint chun nósanna imeachta agus próisis a neartú chun líon na n-agóidí dlíthiúla neamhriachtanacha faoi nósanna imeachta i leith ghnó an Rialtais a laghdú trí athbhreithniú dírithe a dhéanamh ar thorthaí cásanna, agus trí aiseolas agus trí chomhairle dírithe a thabhairt do chliainnt.

## **Spríoc Ardleibhéil 4**

**Seirbhís dlí atá réiteach-díríthe agus faoi cheannas Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a sholáthar, seirbhís a thugann tacaíocht do sholáthar cuspóirí idirbheartaíochta agus do ghnó ár Ranna cliaint.**

### **Tosaíochtaí Straitéiseacha**

1. Déanfaidh Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit na rudaí seo a leanas chun cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach a chothú agus na torthaí is fearr a fháil:
  - teagmháil luath lenár Ranna agus Oifigí cliaint a spreagadh chun pleanáil idirbheartaíochta agus tionscadal, agus soláthar tráthúil teoracha cuimsitheacha, a éascú;
  - a chinntiú go bhfanann ár seirbhís i dtiúin le, agus freagrúil do, riachtanais neamhbhuana ghnó ár gcliaint, trí phróiseas comhairliúcháin leanúnach agus athbhreithniú déthaobhach a dhéanamh ar bhonn rialta ar thosaíochtaí;
  - cur chuige comhoibríoch a spreagadh i leith réiteach fadhbanna, trí leas a bhaint as taithí agus as eolas gach ball d'foireann an Stáit agus tuiscint chomhroinnte a chur chun cinn maidir leis na ról faoi seach.
2. Chun seirbhís atá ar ardchaighdeán a chinntiú, déanfaidh Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit na rudaí seo a leanas:
  - caighdeáin barr feabhais a chur chun cinn inár gcuid oibre go léir trí chomhlíontacht leanúnach le nósanna dea-chleachtais a chinntiú agus an eolais is déanaí dlí a chur chun feidhme agus ár seirbhísí á soláthar againn;
  - ár dtaithí agus ár gcuid eolais dlí a úsáid chun réitigh phraiticiúla a dhearadh agus a fhorbairt a ndéanann freastal ar riachtanais ar leith agus shainiúla ár Ranna agus Oifigí cliaint;
  - feidhmiú an saineolais iomchuí dlí a chinntiú do gach seirbhís idirbhheartaíochta cothrománach, trí chomhoibriú thar na speisialachais go léir in ár nOifig;

- an bhainistíocht iomchuí a chinntiú i leith idirbheartaíochtaí conspóideacha tríd an comhairle riachtanach réiteach fadhbanna a fheidhmiú gan fhadhb go luath sa phróiseas;
- Comhsheasmhacht, agus cuíchóiriú de réir mar is cuí, a chur chun cinn ar mhaithe le héifeachtúlacht a threisiú i soláthar ár seirbhísí.

## **Spríoc Ardleibhéil 5**

**Tacaíocht a thabhairt d'ardleibhéil shaineolais, inniúlachta, eolais suas chun dáta ar an dlí agus scileanna éifeachtacha cumarsáide a fhorbairt i dtimpeallacht eolasbhunaithe.**

### **Tosaíochtaí Straitéiseacha**

1. Cinnteoidh an Oifig go bhfanfaidh bainistíocht eolais ag croílár ár gcuid oibre trí straitéis bainistíochta eolais Oifig an Ard-Aighne a chur i bhfeidhm d'fhonn na rudaí seo a leanas:
  - gníomhphointí atá ann cheana féin de straitéis bainistíochta eolais Oifig an Ard-Aighne a chur i bhfeidhm go hiomlán;
  - athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis reatha bainistíochta eolais Oifig an Ard-Aighne d'fhonn gníomhphointí nua a chur san áireamh inti de réir mar is cuí i ndiaidh comhairliúcháin inmheánach agus seachtrach;
  - leanúint ar aghaidh le feabhas a chur ar ghabháil, ar chomhroinnt agus ar inrochtainneacht fios gnó dlíthiúil agus eagraíochtúil;
  - monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhorbairtí i gcúrsaí bainistíochta eolais.
2. Cinnteoidh an Oifig go bhfanfaidh bainistíocht eolais ag croílár ár gcuid oibre trí straitéis bainistíochta eolais Oifig an Ard-Aighne a chur i bhfeidhm d'fhonn na rudaí seo a leanas:
  - tuilleadh forbartha agus forfheidhmithe a dhéanamh ar chórais, ar phrósís agus ar nósanna imeachta a éascóidh nósanna imeachta bainistíochta eolais níos éifeachtaí in Oifig an Ard-Aighne;
  - cultúr comhroinnte faisnéise a chur chun cinn in Oifig an Ard-Aighne;
  - tosaíochtaí bainistíochta eolais a shainaitheint;

- rannpháirtíocht i dtionscnaimh bainistíochta eolais a dhreasú;
  - na tacaíochtaí eolais atá riachtanach chun gnóthú spriocanna nó cuspóirí trasghearrthach a éascú, nó chun eolas a chur i gcomhthéacs;
  - bealaí (leictreonacha/digiteacha nó eile) a fhorbairt chun eolas a ghabháil agus a chomhroinnt, chomh maith le húsáid a bhaint as;
  - eolas agus taithí comhroinnte na hOifige a uasmhéadú chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí dlí.
3. Leanfaimid orainn ag díriú isteach ar oiliúint, ar fhoghlaim, agus ar fhorbairt gach ball foirne ar mhaithe le feidhmíocht agus acmhainneacht a uasmhéadú, agus ag déanamh freastail ar riachtanais leanúnacha agus ionchasacha trí:
- athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais oiliúna, foghlama agus forbartha atá riachtanach i ngach comhpháirt den Oifig chun spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach;
  - na gníomhphointí i straitéisí reatha oiliúna, foghlama agus forbartha a chur i gcrích tríd an Oifig ar fad agus straitéisí nua a fhorbairt;
  - úsáid éifeachtach airgid a leithdháileadh do bhuiséid na hOifige le haghaidh oiliúna, foghlama agus forbartha;
  - leanúint ar aghaidh ag cur le Tionscadal um Foghlaim agus Fhorbairt, agus é a ghníomhú, mar chuid de Ghníomh 9 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse.

## **Spríoc Ardleibhéil 6**

**Cleachtas comhaimseartha gairmiúla dlí, seirbhísí corparáide agus bainistíochta gnó a sholáthar a thugann tacaíocht don Oifig agus seirbhís den chaighdeán is airde agus is féidir á soláthar aici.**

### **Tosaíochtaí Straitéiseacha**

1. Cuirfidh an Oifig na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun foghlaim ó sholáthróirí eile seirbhísí dlí ionas gur féidir seirbhís feabhsaithe a bhaint amach agus torthaí feabhsaithe don Rialtas a bhaint amach freisin mar thoradh air sin:
  - tagarmharcáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil ag soláthróirí eile dlí, agus moladh ar bith a eascraíonn as sin a chur i bhfeidhm;
  - a chinntiú go bhfuil go leor acmhainní ag an Oifig chun a bheith iomaíoch ó thaobh na daoine is fearr a earcú agus athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir ghairme beatha bhaill foirne na hOifige, le cúnamh an Rialtais.
2. Cothóidh an Oifig struchtúir agus feidhmeanna tacaíochta chun ligean don Oifig na spriocanna a leagtar amach thuas a chomhlíonadh trí na rudaí seo a leanas a chinntiú:
  - nach mbeidh stopadh ar bith sna seirbhísí a sholáraíonn an Oifig dá gcliaint de bharr easnaimh sna struchtúir thacaíochta;
  - go mbeidh caiteachas ar bith a thabófar laistigh de na teorainneacha buiséid socraithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
  - córas éifeachtach bainistíochta airgid a chothú chun bonn eolais a thabhairt do chinnteoireacht, agus dlúthmhonatóireacht a chumasú ar ár n-acmhainní airgeadais, d'fhonn luach ar airgead a chinntiú;

- athbhreithniú a dhéanamh ar ailtireacht agus ar bhonneagar teicniúil TF na hOifige, agus a chinntiú go leanfar ar aghaidh boinn théagartha a sholáthar chun seirbhísí TF a sheachadadh.
  - chun rochtain ar líne ar reachtaíocht na hÉireann a bhainistiú, a uasdátú agus a fheabhsú trí Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ);
  - feabhas a chur ar thacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) don fhoireann dlí a bhíonn ag plé le cúrsaí dlíthíochta, trí rochtain cianléimh a bheith acu ar chóras bainistíochta na hOifige agus trí úsáid a bhaint as na forbairtí TFC atá ar fáil chun éifeachtúlacht a fheabhsú;
  - áitribh na hOifige a chothabháil agus a fhorbairt i gcomhair le hOifig na nOibreacha Poiblí;
  - forbairt agus cothú leanúnach a dhéanamh ar fheidhm Bainistíochta na Clárlainne agus na dTaifead chun tacaíocht a thabhairt d'obair na hOifige.
3. Leanfaidh an Oifig uirthi cultúr gairmiúlachta agus feidhmíochta a chruthú chun ardchaighdeáin seirbhíse a dhaingniú trí na rudaí seo a leanas:
- feabhsú leanúnach chultúr rialachais agus bainistíochta riosca na hOifige;
  - straitéis chuimsitheach Acmhainní Daonna a chinntiú lena n-áirítear pleanáil fórsa saothair, earcú agus forbairt foirne éifeachtach;
  - ceannasaíocht láidir agus bainistíocht feidhmíochta daingnithe ag gach leibhéal;
  - córais éifeachtach earcaithe a chothú;
  - solúbthacht agus comhoibriú leanúnach tríd an Oifig ar fad chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun dul i dtaithe ar athruithe;
  - feidhmiú leanúnach Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí;
  - timpeallacht oibre a chothú ina gcuirtear béim ar ghairmiúlacht, ar ionracas, ar neamhspleáchas agus ar eiticí;
  - leanúint ar aghaidh ag cinntiú go dtugann ár bpríomhchórais bainistíochta agus oibríochta tacaíocht do sholáthar eolais a chabhróidh chun bonn agus

taca a thabhairt do chinnteoireacht straitéiseach agus do phleanáil éifeachtach acmhainní agus gnó, agus chun eifeachtúlachtaí a chur chun cinn;

- timpeallacht oibre a chothú ina bhfuil na luachanna seo a leanas chun tosaigh inti: meas, éagsúlacht, dínit, sábhailteacht agus comhionannas;
- trí phríomhshruthú inscne a aithint mar mhodh chun dul i dtreo comhionannas inscne, cinnteimid go léireofar gné na hinscne inár láthair oibre;
- Tríú Scéim na hOifige a chur i bhfeidhm faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003;

4. Déanfaimid pleananna chun freastal ar riachtanais mhéadaithe speisialaithe dlí san Oifig agus conas is fearr acmhainní a chur ar fáil le haghaidh riachtanais tosaíochta dlí de chuid an Rialtais sna bealaí seo a leanas;

- athbhreithniú a dhéanamh ar an riachtanas le haghaidh foirne speisialaithe dlí;
- plé a dhéanamh leis an Rialtas maidir le conas is fearr freastal a dhéanamh ar riachtanais speisialaithe dlí;

athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna soláthair seirbhísí dlí, agus ar úsáid aonaid dlí na Roinne, i Ranna agus in Oifigí cliaint nuair is Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht nó foireann Oifig an Phríomh Aturnae Stáit ar iasacht an fhoireann iomlán nó cuid di.

## Feidhmíocht a mheas

Ar feadh shaolré an Ráitis Straitéise seo, déanfaidh an Oifig monatóireacht agus athbhreithniú córasúil ar a feidhmíocht agus ar a dul chun cinn i dtreo a spriocanna ardleibhéil agus a tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

Is i bPleananna Gnó a mhíneofar na modhanna a bheidh riachtanach chun na straitéisí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo a chur i bhfeidhm, agus ar a dtionchar ar na struchtúir, ar an stíl, ar an bhfoireann agus ar na luachanna comhroinnte atá i réim cheana féin san eagraíocht seo.

Forbrófar Pleananna Gnó ag leibhéal an Ghrúpa dlí, ag leibhéal na Rannóige, ag leibhéal an Rannáin, agus ag leibhéal an Aonaid Gnó Riaracháin, agus leagfar amach iontu clár bliantúil gníomhartha chun na spriocanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm. Úsáidfear na Pleananna Gnó sin ansin mar bhonn do chlár oibre indibhidiúla na mball foirne, ina bhFoirmeacha Socruithe Spriocanna de chuid an Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS). Athbhreithneofar ár bPleananna Gnó go bliantúil agus ligfidh sin don fhoireann straitéis agus pleanáil a fheiceáil mar obair leanúnach, rud a ligfidh don Oifig bheith solúbtha agus iad i mbun dul i ngleic lenár dtimpeallacht neamhbhuan.

Tá sé cruthaithe arís is arís eile ag an Oifig gur féidir léi measúnaithe doimhne a dhéanamh ar shásamh a cliaint agus ar na deiseann atá ann le haghaidh feabhsaithe leanúnaigh. Bunaíodh tagarmharcanna ar bhonn suirbhéanna fairsinge ar shásamh cliaint agus ar ghrúpaí fócas ó 2004 - an uair a thosaíodh ar a leithéid a dhéanamh. Ó shin i leith, trí shuirbhéanna a dhéanamh ar bhonn rialta, déantar maonatóireacht ar na tagarmharcanna sin (sna réimsí seo a leanas: cumarsáid, freagrúlacht, cruinneas/cáilíocht, soláthar seirbhíse, srl)

Chomh maith leis sin, reáchtáilfead cruinnithe athbhreithnithe ar bhonn rialta le linn na bliana. Ina measc siúd, beidh na cinn seo a leanas: cruinnithe gach ré mhí idir foireann dlí an Oifig agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le cásanna bunreachtúla i réimse



an dlí choiriúil; cruinnithe gach ré mhí idir foireann dlí an Oifig, Ranna cliaint agus an Garda Síochána chun cásanna eiseachadta agus Bharántais Ghabhála Eorpach a phlé; cruinnithe athbhreithnithe ar bhonn rialta chomh maith le comhoibriú idir foireann dlí an Oifig agus oifigigh Ranna cliaint chun straitéisí iomchuí dlí a cheapadh chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar dhlíthíocht intíre agus ar dhlíthíocht Chúirte Breithiúnais an Aontais Eorpaigh; agus cruinnithe Ghrúpa Airteagal 40 chun plé a dhéanamh ar shaincheistean a bhaineann le *habeas corpus*. Glacann Oifig na nDréactóirí Parlaiminte páirt ghníomhach i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais agus tugann sí tuairiscí don Choiste sin maidir leis an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh san Oifig i leith Billí ar Chlár Reachtaíochta an Rialtais. Chomh maith leis sin, freastalaíonn an tArd-Aighne ar chruinnithe an Choiste Comhairleach Bainistíochta Dlí (MAC) ar a mbíonn ionadaíocht ag Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Tagann an Coiste le chéile trí uaire sa bhliain chun saincheistean sonracha dlí agus dlíthíocht íogair a phlé d'fhonn clabhsúr a chur leis na cás-tuairiscí íogair agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComh-Aireachta.

Glacann an Oifig páirt freisin i meicníochtaí inmheánacha aiseolais chun na slite inar féidir feabhas a chur ar phróisis inmheánacha a shainaithe. Leanfaimid orainn ag baint leasa as na bearta measúnaithe sin (idir bhearta inmheánach agus bhearta seachtrach) ar bhonn rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar na cuspóirí a leagtar amach sa Raiteas Straitéise seo, chomh maith le hiad a mheas agus a bhaint amach.

I dTuarascáil Bhliantúil na hOifige, tabharfar tuairisc ar dhul chun cinn na hOifige maidir lenár spriocanna atá leagtha amach sa Raiteas Straitéise seo a bhaint amach.